Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh

North Tipperary County Council

Plean Gníomhaíochta Chustaiméara

2010 – 2014

‘ag obair leis an bpobal’

‘working with the community’

Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh,
Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, An t-Aonach,
Contae Thiobraid Árann.
Fón: 067 44500 Facs 067 33134
Gréasán www.tipperarynorth.ie
r-post: AnRunai@northtippcoco.ie

North Tipperary County Council,
Civic Offices, Limerick Road, Nenagh, Co. Tipperary.
Telephone: 067 44500 Fax: 067 33134
Web Address: www.tipperarynorth.ie
e-mail: secretary@northtippcoco.ie

Réamhrá **3**
Ár n-Gealltanas do Sheirbhísí Chustaiméara den Scoth **5**
Ár Ráiteas Misin **10**
Ár mbun-luacha **11**
Prionsabail Seirbhísí Chustaiméara den Scoth **13**
Seirbhísí Chustaiméara den Scoth **17**
Seirbhísí Tithíochta **24**
Seirbhísí Uisce **30**
Seirbhísí Comhshaoil **34**
Forbairt & Pleanáil **38**
Seirbhísí Tine & Éigeandála **42**
Seirbhísí Bóthar **45**
Seirbhísí Mótar-Chánach **47**
Bailiúcháin Rátaí & Cáin Theach Cónaithe príobháideach nach é an Príomh -Theach Cónaithe é. **49**
Admhálacha faoi Airgead a fuarthas **51**
Tacaíocht Chorparáide **52**
Seirbhísí Acmhainní Daonna **57**
Pobal & Fiontar **57**
Eolaire **58**

Réamhrá

Do ghlac Comhairle Chontae Thiobraid Arann Thuaidh lena gcéad Phlean Chorparáide agus Plean Gníomhaíochta Chustaiméara 2001 go 2005 in Aibreán 2001; glacadh le tuilleadh pleananna i Mí na Nollag 2004 agus do foilsíodh iad. Cuireann an Plean corparáide deilbhcháipéis ar fáil le haghaidh an eagrúcháin, ag leagan amach na haidhmeanna a glacadh leo ag an eagrúchán, na spriocanna agus na cuspóirí agus na cuspóirí a bhaineann lena ghníomhaíochtaí agus a fheidhmeanna go léir. Cuireann Plean Gníomhaíochtaí an chustaiméara cumarsáid agus sonraí seirbhíse mar aon le gealltanais sheirbhíse chustaiméara ar fáil. Le linn na mblianta idir eatarthu, tá monatóireacht ar dhul chun cinn an dá phlean atá déanta againn agus tá tuarascáil gachra bliain foilsithe againn faoin mhéid atá curtha i gcrích.

Tar éis na dtoghchán áitiúla i Meitheamh 2009 déanadh athbhreithniú ar na pleananna a bhí ann chun go bhféadfaí na pleananna do thréimhse na Comhairle nua a leagan amach, ag cur san áireamh cúrsaí eacnamaíochta na linne agus na hathraithe atá tar éis tarlú ó ghlacadh leis na pleananna a bhí ann cheana. Déanadh na pleananna nua a dhréachta ag ár bhfoireann agus, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle, lorgaíomar moltaí ón ár gcustaiméirí, baill dár gComhairlí agus Coistí Pholasaithe straitéiseacha, Bord Forbartha an Chontae agus ár gCoiste Páirtíochta san Ionad Oibre. Glacadh leis an bPlean dá éis sin ag an gComhairle ag a gcruinniú ar an 28 Aibreann 2010.

Déanfar monatóireacht ar cur i gcríoch Phlean Ghníomhaíochtaí an chustaiméara ó am go ham agus tabharfar tuarascála gachra bliain don Chomhairle chontae i dtaobh nithe a bhaineann lena chur i gcrích. Déanfar na tuarascála seo a fhoilsiú ar ár ngréasán ag www.tipperarynorth.ie

Beidh cur i gcrích aidhmeanna an Phlean ag brath ar an méid acmhainní atá ar fáil ó thaobh airgeadais agus foirne araon.

Bímid de shíor ag iarraidh na seirbhísí a chuirimid ar fáil don phobal a fheabhsú ag brath ar na hacmhainní atá ann dúinn agus fáiltímid roimh aon tráchtais nó smaointe ón ár gcustaiméirí gur féidir a sheoladh isteach chugainn trí-ríomh-phost chuig secretary@northtippcoco.ie nó i scríbhinn chuig an Roinn Tacaíochta Corparáide Chomhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh, Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan.

Terry Ó Niadh
Bainisteoir an Chontae

Feabhra 2010

Ár n-Gealltanas do Sheirbhísí Chustaiméara den Scoth

Tá gealltanas tugtha ag Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh go gcuirfear seirbhísí den scoth ar fáil dár gcustaiméir. De bharr na hoibre a bhíonn idir lámha ag ár gComhairle, ár nGrúpa Polasaí Chorparáide, ár gcoistí Polasaithe straitéiseacha, ár gCoiste Páirtíochta san Ionad Oibre agus na foirne feidhmiúcháin, bímid de shíor ag déanamh athbhreithniú ar an gcaoi ina gcuirimid ár seirbhísí ar fáil chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh feabhsaithe ag leanúint ar aghaidh gan stad gan staonadh. Chomh maith leis sin, lorgaímid agus faighimid, ar bhonn leanúnach, moltaí ón ár gcustaiméirí. Seo leanas cuid de shamplaí na n-áiseanna seirbhíse custaiméara atá ann agus des na tionscnaimh a tugadh fúthu:

- In ár gCeann-ceathrúna ins na hOifigí Chathartha in Aonach Urmhumhan tá réimse iomlán de áiseanna chustaiméara ar fáil i siopa il-fheidhme in a bhfuil príomh seirbhísí na Comhairle, áiseanna chun teacht ar phleanáil ins an idirlíon agus cáin na gcarranna, Oifigí Fheidhmeannacht Seirbhísí Sláinte, Comhairle Bhaile Aonach Urmhumhan agus Coiste Chúram-leanaí an Chontae;
- Táimid ar oscailt le linn am lóin ag na hOifigí Chathartha agus in Oifigí Cánach na g-Carr araon;
- Is féidir glao díreach chuig na Ranna éagsúla trínár gcóras theileafóin;

- Cuirimid fógraí ins na meáin náisiúnta agus áitiúla chun eolas a scaipeadh faoi na seirbhísí a bhaineann leis an bpobal c.i.gc. bóithre agus seirbhísí uisce;
- Bíonn ár ngréasán de shíor á thabhairt suas chun dáta, chun oiread eolais agus is féidir a scaipeadh i measc an phobail agus chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-eolas is déanaí ar fáil;
- Chomh maith le heolas a chur ar fáil tugann ár ngréasán caoi do dhaoine fíneáil pháirceála a íoc in Aonach Urmhumhan agus i Ros Cré ar-líne, na táillí TCPT (teach cónaithe príobháideach tánaisteach) a íoc, chun clár na dtoghthóirí a iniúchadh, chun iarratais phleanála a iniúchadh, chun cáin na gcarranna a íoc agus chun baile eile a sholáthar do mhadraí;
- Cuirimid cruinnithe chomh-chomhairleacha ar siúl in áiteanna éagsúla ar fud an Chontae maidir le moltaí faoi pholasaithe c.i gc. Plean Forbartha an Chontae;
- Scaiptear an nuacht-litir príobháideach ‘Éist’ i measc gach aoinne ar an bhfoireann i láthair na huaire, ár bpinsinéirí agus ár mbaill tofa;
- Cuirimid ainmneacha teagmhála agus uimhreacha ar fáil in ár gcomhfhreagrais chun gur féidir teagmháil linn go héasca;
- Tá Próiseas Chlamhsáin agus Achomhairc bunaithe againn atá foilsithe in ár ngréasán;
- Déanaimid deimhin de go gcosnaítear sonraí pearsanta de réir riachtanais An Acht Chosanta Sonraí 1988 agus 2003;
- Tá scéim Teanga na Gaeilge bunaithe againn de réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003;

- Tá plean bunaithe againn chun ár seirbhísí agus áiseanna a chur ar fáil go héasca de réir an Acht an Mhíchumais 2005. Mar shampla de seo tá ár ngréasán curtha in oiriúint don AA
- Cuirfimid ar fáil, má iarrtar orainn, a bheith i gcumarsáid le duine le máchail éisteachta nó radharc, chomh fada agus is féidir, i bhfoirm atá éasca teacht air;
- Tá dhá phróiseas chomhairleacha chustaiméara déanta againn agus tá roinnt moltaí curtha i gcrích againn a tháinig aníos as na tuarascála a chuireadh le chéile, bunaithe ar thorthaí na bpróiseas seo.

Monatóireacht ar Sheachadadh ár gCuspóirí

Gach aon bhliain ullmhaímid Pleananna Ghníomhaíochtaí Gnó dár sheirbhísí go léir bunaithe ar na cuspóirí in ár bPlean Gníomhaíochtaí Chustaiméara seo. Tá sé leagtha amach iontu seo conas na straitéisí in ár bPlean Corparáide agus ins an Plean Gníomhaíochtaí Chustaiméara a chur i gcrích sa bliain atá i gceist. Déanann na Tuarascála faoi chur i gcrích na b-Pleananna Gníomhaíochtaí Ghnó monatóireachta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Tugtar na Tuarascála Cur i g-Crích seo faoi bhráid na Comhairle agus foilsítear iad, freisin in ár ngréasán.

Ag an leibhéal Náisiúnta tugadh isteach 46 Comharthaí Seirbhíse rí-thábhachtacha chun dul chun cinn na gcomhairlí chontae agus cathrach a mheas i gcás chuid áirithe des na seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Tugaimid tuarascáil ag an leibhéal áitiúil ar na

Comharthaí Seirbhíse seo bunaithe ar a ndul chun cinn chomh fada le Meitheamh agus Mí na Nollag go bliantúil. Déantar na torthaí i ndeireadh na bliana a ion-chorprú ins an dtuarascáil in a iomláine a chuirtear le chéile ag leibhéal náisiúnta agus foilsítear é ag Roinn an Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil. Tá sonraí faoin ár gComharthaí Seirbhíse ar fáil in ár ngréasán.

Beidh ár bPlean Gníomhaíochtaí Chustaiméara do 2010-–2014 ag leanúint ag cur modh-oibre ar fáil chun na rudaí seo leanas a thabhairt chun chríche:

- An próiseas atá ann chun ár seirbhísí feabhsaithe agus athbhreithnithe a luasghéarú in áit ar bith arbh fhéidir é sin;
- Ár n-aidhmeanna do fheidhmiúcháin fheabhsaithe i gcúrsaí chúram chustaiméara a leagan amach;
- Feabhas a chur ar chaighdeán an eolais a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí faoin réimse seirbhísí atá á chur ar fáil againn agus faoi conas gur féidir leo dul i dteagmháil linn;
- Caighdeán na seirbhísí a gheobhaidh ár gcustaiméirí a leagan síos agus a bheith ar aon aigne fúthu;
- Leanúint ag monatóireacht freagrachta dár gcustaiméirí;
- Leanúint ag cur i gcrích na prionsabail faoi sheirbhís chustaiméara den scoth ar glacadh leo ag an rialtas in Iúil 2000.

Ag Comhoibriú i bPáirtíocht lenár gCustaiméirí

Tuigimid go gcaithfimid comhoibriú i bpáirtíocht lenár gCustaiméirí conas gur féidir seirbhísí den scoth a chur ar fáil. Cuir chugainn bhur moltaí le bhur dtoil faoi conas gur féidir linn seirbhís níos fearr a chur ar fáil duit. Tá cead agaibh iad a chur chuig ár n-oifigí am ar bith.

Ár Ráiteas Misin

Tugaimid gealltanas, i bpáirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara go léir, an chaighdeán eacnamaíochta, sóisialta agus saol cultúrtha ár bpobail a fheabhsú.

Ár mbun-luacha

Daonlathas

Tá meas againn agus cosnaímid páirtíocht daonlathach ár mball tofa agus ár saoránach agus is mór is fiú linn a ról ag neartú ár n-eagrúchán.

Cúram Shaoránach/Chustaiméara

Tugaimid aitheantas don ghá go gcuirfí seirbhísí den scoth ar fáil ar mhodh proifisiúnta, éifeachtach, snasta agus cothrom agus chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil ár bpolasaithe agus ár ngníomhaíochtaí bunaithe ar phrionsabail dea-chúram an chustaiméara.

Cúram an Imshaoil

Táimid faoi gheall, deimhin a dhéanamh de go bhfuil ár luacha, ár bpolasaithe agus ár ngníomhartha ag ionchorprú prionsabal na forbartha leanúnaí, le meas agus ag cosaint ár n-imshaoil tógtha agus nádúrtha, ár gcultúr agus ár n-oidhreacht.

Ár bhfoireann

Tuigimid gurab iad ár n-acmhainní daonna an tsócmhainn is mó atá againn agus gur cuspóir bunaigh é a dtraenáil, forbairt, sábháilteacht agus a leas.

Páirtíocht

Tuigimid an luach a ghabhann le páirtíocht oibre deimhneach i dtaobh ár bhfoirne, ár mball agus ár saoránach agus tugaimid aitheantas dá dtábhacht i bhforbairt ár n-eagrúchán san todhchaí agus sa bhainistíocht a bhaineann le h-athrú.

Ár gContae

Táimid tiomanta do Thiobraid Árann Thuaidh a chur chun cinn mar shárionad le cónaí agus obair ann agus le cuairt a thabhairt air. Leanfaimid ag obair i gcomhar leis na gníomhaireachtaí cuí eile chun an contae a chur chun cinn mar áit thaitneamhach d'infheistíocht lena n-áirítear Infheistíocht Dhíreach Eachtrach, tionscal dúchasach agus fiontar eile. Aithnímid ár ról i soláthar bonneagair chun forbairt a éascú agus táimid tiomanta do chur chuige réamhghníomhach chun infheistíocht chuí a thabhairt chun tosaigh agus timpeallacht a chruthú a chabhróidh le gnó a dhéanamh.

Prionsabail Seirbhísí Chustaiméara den Scoth

Do Chustaiméirí agus do Chliaint na Seirbhíse Poiblí

Agus sinn ag déileáil leis an bpobal cuirfimid na prionsabail seo leanas ar bun:

Caighdeáin Sheirbhíse den Scoth
Ráiteas a fhoilsiú a leagann amach nádúr agus caighdeán na seirbhíse gur féidir le custaiméirí a bheith ag súil leo, agus é a fhógairt go rí-shoiléir ag an bpointe ag a bhfuil an tseirbhís á dháileadh amach.

Comhionannas/Éagsúlacht
Féachaint chuige go bhfuil na cearta a bhaineann le socraíocht an chomhionannais á chomhlíonadh, a bunaíodh le reachtaíocht an chomhionannais agus tabhair caoi do éagsúlacht, chun cabhrú le comhionannas dos na grúpaí atá gceist ag reachtaíocht an chomhionannais (i dtaobh inscne, stádas pósta, stádas chlainne, rogha ghnéis, creideamh, aois, mí-chumas, cine agus ballraíocht den Lucht Taistil).

Aitheantas agus obair chun deireadh a chur leis na bacainní do theacht ar sheirbhísí do dhaoine bochta agus dóibh siúd nach

nglactar leo go sóisialta, agus dóibh siúd go mbíonn bacainní geografaíochta mar fhadhb acu chun teacht ar na seirbhísí.

Rochtain Fhisiceach

Oifigí poiblí so-rochtana, glan a chur ar fáil a dhéanann deimhin de go mbíonn príobháideacht le fáil a chloíonn le caighdeáin sábháilteachta agus ghairme agus, mar chuid de seo rochtain a chur ar fáil do dhaoine ar mhí-chumas agus daoine eile le gátair shainiúla.

Eolas

A bheith gníomhach ag cur eolais ar fáil atá soiléir, cruinn agus tráthúil, atá le fáil i ngach uile pointe teagmhála, agus a fhreagraíonn do dhaoine le gátair shainiúla. Deimhin a dhéanamh de go mbaintear lán-úsáid as acmhainn mar an Teicneolaíocht Eolais agus go gcloíonn an t-eolas atá ar fáil ar ghréasán seirbhíse phoiblí leis na treoirlínte ar fhoilseacháin líontán.

Leanúint leis an bhfeachtas le haghaidh rialacha so-thuigthe, rialacháin, foirmeacha, bileoga eolais agus gnáthaimh.

Pointeáilteacht agus Cúirtéis

Seirbhísí den scoth a chur ar fáil le cúirtéis, le h-íogair agus leis an mhoill is lú, ag cothú mothúchán de mheas chomh-chomaoineach idir an soláthraí agus an custaiméir.

Ainmneacha teagmhála a thabhairt i ngach comhfhreagras chun a chinntiú go ndéantar pé idirbheartaíocht atá idir lámha gan strus ar aoinne.

Gearáin

Córas atá éasca le húsáid agus trédhearcach, so-aimsithe, foilsithe go forleathan, a chothabháil nuair a bhítear ag déileáil le gearáin faoi chaighdeán na seirbhíse atá ar fáil.

Achomhairc

Mar an gcéanna, cothaigh córas achomhairc agus athbhreithnithe atá éasca le húsáid agus oscailte so-aimsithe, foilsithe go forleathan, foirmiúil do chustaiméirí atá mí-shásta le cinnidh i dtaobh na seirbhísí.

Comhairliúcháin gus Luacháil

Modh oibre struchtúrach a chur ar fáil do chomhairliúchán ciallmhar leis, agus páirtíocht ann, ag an gcustaiméir i dtaobh forbartha, dáileadh agus athbhreithnithe ar na seirbhísí. Déan deimhin de go ndéantar luacháil réadúil ar dháileadh na seirbhísí.

Rogha

Cuir rogha ar fáil, i gcás gur féidir é, i ndáileadh na seirbhísí, modhanna íoctha san áireamh, suíomh na bpointí teagmhála, uaireanta oscailte agus amanta dáilte. Úsáid pé teicneolaíochtaí atá ar fáil agus atá ag teacht chun cinn, chun rochtain agus rogha chaighdeán an dáilte is fearr dá bhfuil ann a chinntiú.

Comhionannas na dTeangacha Oifigiúla

Seirbhísí den scoth a chur ar fáil trí Ghaeilge agus/ nó dhá-theangach agus custaiméirí a chur ar a n-eolas faoina gcearta

faoin rogha atá acu go ndéanfaí déileáil leo trí cheann amháin nó ceann eile des na teangacha oifigiúla.

Comhordú níos fearr

Cothaigh modh oibre níos comhordaithe agus níos chomhtháite ag dáileadh seirbhísí phoiblí.

An Fhoireann mar Chustaiméirí

Déan deimhin de go dtuigtear gur custaiméirí an fhoireann, freisin agus go dtugtar tacaíocht agus go dtéitear i gcomhairle leo faoi nithe i dtaobh dháileadh na seirbhísí.

Seirbhísí Chustaiméara den Scoth

Caighdeáin Seirbhísí Lárnacha

Nuair a chuireann tú glao theileafóin orainn

Tógfaimid do ghlaoch idir a 9.30 am agus 4.30 pm ó Luan go hAoine (9.30 am go 4.00 pm i gcás An Roinn Phleanála). Níl foireann ar bith i gcuid dár n-oifigí le linn am lóin. Má chuireann tú glaoch ar na hoifigí seo, d'fhéadfá do theachtaireacht a fhágáil ar an nglórphost agus freagróimid é chomh luath agus is féidir linn.

Cuirfimid sinn féin in aithne duit agus freagróimid do ghlaoch chomh tapa agus is féidir go cairdiúil, go cabhrach agus go deas cúirtéiseach.

Lorgóimis do chomhoibriú trí do ainm, seoladh, uimhir thagartha (má oireann) a chur ar fáil dúinn agus aon sonraí bunúsacha eile a chabhróidh linn tú a fhreagairt go tapa.

Déanfaimid iarracht an t-eolas atá á lorg agat a chur ar fáil duit chun do cheist a fhreagairt. Murar féidir linn déileáil le do fhiosrúchán láithreach, tógfaimid do uimhir theileafóin agus cuirfimid glaoch ar ais chugat nó scríobhfaimid laistigh d'am áirithe.

I gcás go gcaithfear do ghlaoch a aistriú chuig duine éigin eile tabharfaimid ainm an duine sin duit.

Tá cumas ‘ghlór phost’ curtha ar fáil againn dár bhfolínte theileafóin go léir a chuirfidh ar do chumas teachtaireacht a fhágáil don duine gur mhaith leat labhairt leis/léi dá mba rud é nach raibh siad ar fáil.

Cuirfimid ar fáil duit má lorgaíonn tú iad na sonraí go léir faoi na próisis ghearáin/ athbhreithniú atá ann duit.

Nuair a ghlaonn tú chuig ár n-oifigí

Beimid ag iarraidh ár n-oifigí a choimeád glan agus sábháilte

Déanfaimid deimhin de go mbíonn príobháideacht agat.

Beimid cairdiúil cabhrach agus cúirtéiseach agus déanfaimid iarracht an tseirbhís atá uait a fháil duit chomh tapa agus is féidir.

Murar féidir linn déileáil le do fhiosrúchán laistigh d’am réasúnta míneoimid é sin duit agus tabharfaimid gealltanas go ndéanfaimid teagmháil leat trí’ n bhfón nó i scríbhinn.

Murar féidir leis an oifig gur ghlaoigh tú uirthi an tseirbhís a bhí uait a chur ar fáil duit, déanfaimid socrú ionas gur féidir leat dul i dteagmháil tríd an fón le pé roinn a oireann in aon cheann eile dár gcuid oifigí.

Déanfaimid iarracht rochtain a fheabhsú dár gcustaiméirí go léir, na daoine ar mhí-chumas san áireamh, freisin.

Nuair a thugaimid cuairt ort ag do bhaile féin

I gcás go mbíonn ar bhall dár bhfoireann cuairt a thabhairt ort ag do bhaile féin, beidh sé/sí toilteanach cruthúnas faoin a n-aitheantas a chur ar fáil duit.

Dá mbeadh aon cheist agat i dtaobh aitheantais an duine atá chugat, mholfaimis go n-iarrfá ar an duine fanacht lasmuigh den doras, do dhoras a dhúnadh agus glaoch ar ár n-oifigí chun

cúrsaí a chinntiú. Tuigeann ár bhfoireann go bhfuil sé tábhachtach go mbeifeá ar do shuaimhneas faoin aitheantas nuair a dhéanann tú seiceáil orthu.

Más gá dul ar ais ar chuairt chugat ath-uair-pé acu trí litir, glaoch teileafón nó cuairt eile ar do theach, cuirfimid scéal chugat agus faoi cathain go bhfuil sé i gceist teagmháil leat arís.

Nuair a scríobhann tú chugainn

Tá ár seoltaí agus uimhreacha teileafóin dár ranna uilig le fáil ar chúl an fhoilseacháin seo. Déanfaimid deimhin de, i gcás aon phoist a chuirtear chuig aon cheann dár n-oifigí go gcuirfear ar aghaidh é chun déileáil leis sa roinn chuí.

Freagróimid gach uile comhfhreagras i bhfocail soiléir neamh- theicniúil agus beidh ainm, roinn agus uimhir theileafóin an duine atá ag déileáil leis an ní áirithe sin.

Tá caighdeáin seirbhíse custaiméara dréachta i ngach ceann dár ranna dos na seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Toisc an éagsúlacht a bhaineann leis na saghais nithe go mbímid ag déileáil leo agus a gcastacht tá orainn amanta éagsúla freagartha a leagan síos- déan tagairt don seirbhís áirithe atá uait atá le fáil ins na leathnaigh seo leanas. Mar sin féin tá sé ar intinn againn gach uile comhfhreagras a fhreagairt laistigh de 21 lá ón am go bhfuarthas é agus murar féidir linn freagra iomlán a eisiúint laistigh den am sin eiseoimid admháil ag cur in iúil cé tá ag déileáil leis an gceist agus cathain atá sé ar intinn freagra iomlán a eisiúint.

Déanfaimid deimhin de go ndéantar déileáil le gach uile chomhfhreagras, fiú nuair a bhíonn an duine áirithe sa

bhfoireann gur seoladh an litir chuici/chuige as láthair.

Tá cuid des na ceisteanna an-chasta iontu féin (c.i.gc. iad siúd de short áirithe dlíthiúil nó teicniúil). Ins na cásanna seo, mholfaimis go gcuirfeá do fhiosrúchán/sonraí i scríbhinn, sa tslí sin bheifeá ag déanamh deimhin de shoiléireacht agus mi-thuiscintí a sheachaint.

Rochtain ar Eolas

Déanfaimid deimhin de go mbeidh ár bhfoirmeacha iarratas agus doiciméid mhínithe suas chun dáta de shíor agus go ndéantar iad a leasú mar is gá de réir gach uile reachtaíochta cuí.

Beimid ag déanamh de réir na dlí go h-uile ’s go hiomlán sa spiorad agus sna riachtanais de Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 mar atá leasaithe, agus le rialúcháin 2007 Pobail na hEorpa (Rochtain ar Eolas faoin g-Comhshaoil) agus a chabhróidh leat teacht ar eolas atá á choimeád againne, faoi réir ag díolúin áirithe faoi eolas sainiúil. Ba mhian linn do aire a dhíriú ar an Leabhar Tagartha um Shaoirse Eolais atá le fáil in ár n-oifigí agus a mhíníonn go mion conas go bhféadfá rochtain ar eolas atá á choimeád againne.

Déanfaimid de réir na riachtanas san Acht um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 i dtaobh eolais phearsanta atá in ár sheilbh.

Foirmeacha Iarratais

Déanfaimid deimhin de go gcuirtear na foirmeacha iarratais go léir agus an doiciméadú mínithe a ghabhann leo i láthair go soiléir agus i bhfoirm a oireann go breá simplí dos na custaiméirí.

Má bhíonn aon deacracht agat cabhróimid leat ag líonadh na bhfoirmeacha, más mian leat.

Beidh sé mar aidhm againn gach uile fhoirm iarratas agus

doiciméad mínithe a chur ar fáil i nGaeilge.

D' Iarrfaimis ort glacadh leis gurab é an méid eolais a lorgaítear sna foirmeacha iarratas an méid eolais is lú is gá chun an tseirbhís áirithe a chur ar fáil. Déantar mórán des na foirmeacha a dhréachta bunaithe ar riachtanais dhlíthiúla. Dá réir sin tá sé rí-thábhachtach go líonfá isteach na foirmeacha go hiomlán agus má bhíonn aon doiciméad in éineacht leis, ba cheart é a ainmniú go soiléir ionas nach mbeadh aon mhearbhall ar aoinne faoi. Má bhíonn aon deacracht agat ag líonadh isteach aon fhoirm ar bith, ná bíodh aon leisce ort ár gcabhair a lorg.

Achomhairc agus Clamhsáin

Is mian linn an tseirbhís is fearr dá bhfuil ann a chur ar fáil duit. Mar sin féin dá dtarlódh nach bhfuil tú sásta leis an seirbhís atá a chur ar fáil againn duit, déanfaimid do chlamhsáin a iniúchadh go tráthúil, cúirtéiseach agus ar mhodh cabhrach.

Ar an gcéad dul síos, mholfaimis duit scríobh nó glaoch teileafóin a chur chuig Ceann na Ranna cuí chun iarraidh air/uirthi bualadh leat chun an fhadhb a phlé.

Mura bhfaigheann tú freagra iomchuí faoi do chlamhsán, d'fhéadfá clamhsán i scríbhinn a chur chuig an Stiúrthóir Seirbhísí cuí/Ceann Feidhmiúcháin mar seo leanas:

Bóithre agus Seirbhísí Uisce, an tUasal Marcas ó Conchúir, Stiúrthóir Seirbhísí.

Tithíocht, Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála – An tUasal Carl ó Caisín, Stiúrthóir Seirbhísí.

Pleanáil, Forbairt agus nithe a bhaineann le Fiontar agus an Pobal- an tUasal Maitiú Shortt, Stiúrthóir Seirbhísí.

Bainistíocht Airgeadais agus Seirbhísí Corparáide-An tUasal Liam Mac Cárthaigh, Ceannaire Airgeadais agus Seirbhísí Corparáide.

Teicneolaíocht agus Cumarsáide Faisnéise-An tUasal Gearóid Ó Loinngsigh Ceannaire C.F.

Seol do litir led' thoil chuig an Stiúrthóir/ Ceann Feidhmeannach cuí, Oifigí Chathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan agus tabhair dúinn oiread eolais agus is féidir chun gur féidir déileáil le do chlamhsán go tapa agus ar bhonn sásúil. Déanfar an cheist a iniúchadh agus eiseofar freagra chugat laistigh de 21 lá. Murar féidir linn freagra iomlán a sheoladh chugat le linn an ama sin, scríobhfaimid chugat agus cuirimid tú ar do eolas faoin mhoill agus an chúis atá leis.

Beidh sé mar aidhm againn déileáil leis na clamhsáin go léir i dtaobh aon mhoill le seirbhísí, dearmaid agus le seirbhísí chustaiméara suaracha laistigh de 21 lá ó fuarthas an clamhsán. Murar féidir linn freagra iomlán a sheoladh chugat laistigh den am sin, scríobhfaimid chugat id' chur ar do eolas faoin mhoill agus an chúis atá leis.

Má bhíonn gnéithe dlíthiúla nó teicniúla, casta i do chlamhsán mholfaimis duit é a chur i scríbhinn chun dearmadta agus mí-thuiscintí a sheachaint.

Nuair a dhéanaimid dearmad, gabhfaimid leath-scéal in a thaobh, míneoimid cén fáth gur tharla sé agus déanfaimid an ní a cheartú láithreach.

Beidh eolas in ár ndoiciméadú foilseacháin agus foirmeacha go léir faoi na modhanna chun déileáil le clamhsáin agus achomhairc laistigh agus lasmuigh.

Seirbhísí i nGaeilge

Pé áit ar féidir é déanfaimid na socraithe cuí dár gcustaiméirí gur mhian leo a ngnó a bheith trí Ghaeilge.

Déanfaimid ár ndícheall foirmeacha iarratais agus bileoga míniúcháin a bheith ar fáil trí Ghaeilge.

Freagrófar aon chomhfhreagras a bhfaightear as Gaeilge trí mheán na Ghaeilge.

Conas gur féidir linn seirbhísí den scoth a chur ar fáil duit

Tógann sé am agus gealltanas seirbhís atá dírithe ar an gcustaiméir a fhorbairt. Ba mhaith linn an tseirbhís is fearr dá bhfuil ann a chur ar fáil duit agus dá bhrí sin lorgóimis na nithe seo leanas:

Nuair a bhíonn tú ag teagmháil lenár n-oifigí déan deimhin de le bhur dtoil go bhfuil na sonraí cuí go léir i do sheilbh – do ainm, seoladh, uimhir thagartha (más gá). Más rud é go raibh tú ag déileáil linn cheana i dtaobh na ceiste áirithe seo, bheadh sé cabhrach dá mbeadh ainm an duine ar an bhfoireann go raibh tú ag déileáil leis/léi nó ón a bhfuair tú an comhfhreagras agat.

Nuair a bhíonn tú ag líonadh isteach foirmeacha iarratais déan deimhin de go mbíonn siad líonta isteach go h-iomlán, go bhfuil siad sínithe agus go bhfuil an doiciméadú cuí agus táillí in éineacht leo.

Bheadh ard-áthas orainn aon mholtaí nó smaointe atá agat le haghaidh seirbhís feabhsaithe a fháil uait.

Seirbhísí Tithíochta

Eolas Ginearálta

Tá ár Roinn Tithíochta suite ins na hOifigí Chathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan agus is féidir dul i dteagmháil leo trí dhiail díreach chuig 067 44842,44843,44844

Iarratas fá choinne Ath-thithíochta

Nuair a chuirfidh tú isteach iarratas fá choinne ath-thithíochta, scrúdóimid é láithreach chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-iarratas líonta isteach i gceart.

Má bhíonn an t-iarratas i gceart eiseoimid admháil go bhfuaireamar é laistigh de chúig lá oibre. Deimhneoidh an admháil seo an dáta go bhfuaireamar an t-iarratas seo agus an uimhir thagartha a ghabhann leis.

Mura mbíonn an fhoirm iarratais líonta go hiomlán cuirfimid scéal chugat laistigh de dheich lá oibre ag tabhairt le fios an t-eolas breise is gá go mbeadh sé ina cheart.

Déanfaimid déileáil leis an gceist agus eiseoimid ár gcinneadh chugat laistigh de 8 seachtain ón dáta go bhfuaireamar an fhoirm agus é líonta go hiomlán. I gcás in a ndéantar iarratas a dhiúltú déanfar athbhreithniú i gcásanna in a mbíonn athraithe ins na tosca.

Iarratais i g-Comhair Iasachtaí do Thithíocht

Nuair a chuireann tú isteach iarratas le haghaidh Iasacht Tithíochta nó Iasacht do Úinéireacht Roinnte, scrúdóimid é láithreach, chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-iarratas líonta amach i gceart.

Má bhíonn an t-iarratas i gceart eiseoimid admháil go bhfuaireamar é laistigh de 5 lá oibre. Ins an admháil seo cinnteofar an dáta go bhfuaireamar an t-iarratas agus an uimhir thagartha a ghabhann leis.

Mura mbíonn an t-iarratas líonta go hiomlán, cuirfimid é sin in iúl duit laistigh de 10 lá oibre ag insint duit pé eolas áirithe breise is gá chun go mbeadh éifeacht leis.

Déanfaimid déileáil leis an iarratas agus eiseoimid ár gcinneadh duit laistigh de 5 lá oibre ón uair gur déanadh cinneadh air ag Coiste Creidmheasa na Comhairle.

Iarratais le h-Aghaidh Deontas Tithíochta

Nuair a chuireann tú isteach iarratas le haghaidh Deontas Tithíochta, scrúdóimid é láithreach chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé líonta isteach i gceart.

Má bhíonn an t-iarratas i gceart eiseoimid admháil laistigh de 5 lá oibre. Cinnteoidh an admháil seo an dáta go bhfuarthas an t-iarratas agus an uimhir thagartha a ghabhann leis.

Mura mbíonn an t-iarratas líonta go hiomlán, inseoimid duit é laistigh de 5 lá oibre, ag tabhairt le fios duit an t-eolas breise áirithe atá riachtanach chun go mbeadh éifeacht iomlán leis.

Deisiúcháin Éigeandála do Thithe ar chíos ón gComhairle

Beimid ag déileáil le deisiúcháin éigeandála (c.i.gc: Pluiméireacht, lochtanna aibhléise) laistigh de 24 uair a’ chloig ón am go bhfuaireamar an gearán.

Tithe atá á ligeadh ar Chíos Athuair

Déanfaimid gach mion-deisiúcháin (c.i.gc. péintéireacht/fuinneoga briste)

laistigh de 4-6 sheachtain den am go raibh an teach ar fáil le haghaidh é a bheith curtha amach ar cíos athuair.

Déanfaimid na deisiúcháin mhóra go léir (c.i.gc. bruthaire nua, athchur doirse/fuinneoga) laistigh de 16 sheachtain ón am go raibh an teach ar fáil le haghaidh é a ligeadh amach ar chíos athuair. I gcás go bhfuil an t-airgead ar fáil chun éifeacht an fhuinnimh sna tithe folmha d'fhéadfaí na teorainn ama thuas luaite a fhadú fhaid is a bhíonn na conraitheoirí cuí á gceapadh.

Dáilfear amach tithe folmha ar fáil le haghaidh cur ar chíos athuair chuig tionóntaí nua laistigh de 4-6 seachtain.

Íocaíocht Cíosa

Ba cheart go dtuigfí gurab é an teacht isteach ón gcíos a íocann as an gcothabháil tithíochta agus an clár deisiúcháin agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach go n-íocfadh gach tionónta an cíos in am. Íocann formhór mhór na dtionóntaí a gcíos gach uile sheachtain. Mar sin féin teipeann ar chuid des na tionónta an cíos a íoc in am agus is é an toradh ná go méadaíonn na riaráistí. Dá bhrí sin caithfidh an Chomhairle d' iachaibh a chur ar dhaoine íocaíocht tráthúil i gcás an chíosa ar cheart a bheith íoctha.

Na Gnáthaimh le haghaidh Bhailiúchán na Riaráistí Cíosa – Tithíochta

I gcás go dtiteann Tionónta/ Tionónta Ceannaitheora theach an Chomhairle 4 sheachtain i riaráistí eiseofar rabhadh Riaráistí ag tabhairt 7 lá don Tionónta/ Tionónta Ceannaitheora na riaráistí a íoc. I gcás:

- Nach n-íoctar na riaráistí laistigh de sheacht (7) lá nó
- nach mbíonn réiteach oiriúnach idir an

Chomhairle agus an Tionónta/Tionónta le haghaidh na riaráistí a íoc thar thréimhse áirithe nó

- Nár cloíodh leis an réiteach le haghaidh íocaíocht na riaráistí,

Tabharfar le fios i litir ón gComhairle go mbeidh siad ar thóir na riaráistí, agus go mbeifear ag dul i muinín na dlí chun úinéireacht an tí a thógáil ar ais.

Gnáthaimh le haghaidh Bhailiúchán Riaráistí-Iasachtaí Tithíochta

Déantar monatóireacht in aghaidh na míosa i dtaobh aisíoctaí iasachtaí lucht na n-iasachtaí, agus i gcás go mbíonn cuntais áirithe i riaráistí, eisítear litir ag tabhairt tréimhse ama don iasachtaí na riaráistí a íoc. I gcás:

- nach n-íochtar na riaráistí nó
- Nach dtagtar ar réiteach oiriúnach idir an Chomhairle agus an Iasachtaí le haghaidh íocaíocht na riaráistí thar thréimhse ama nó
- Nár cloíodh leis an réiteach le haghaidh na riaráistí a íoc,

Eiseofar litir Aturnae chuig an iasachtaí agus tabharfar le fios dó go bhfuil sé ar intinn na Comhairle dul ar thóir na riaráistí, agus go bhféadfaí dul i muinín na dlí chun úinéireacht an tí a thógáil ar ais ar fad.

Ar a shon go mbeidh An Chomhairle ag dul ar thóir na riaráistí atá ag dul chucu ar chíosa tí agus iasachtaí, déantar gach uile iarracht cúrsaí dlí a sheachaint:

- trí dhul ar thóir na riaráistí go luath;

- trí réimse íocaíochtaí éagsúla a thabhairt do dhaoine;
- Trí'n a mholadh dóibh dul chuig na seirbhísí Buiséadacha agus Comhairleora Airgeadais;
- Trí' n a mholadh dóibh dul chuig Seirbhís Tacaíochta na nDaoine gan Dídean.

Páirtíocht Tionónta/ Bainistíocht Eastáit

Tá roinnt Chumainn Áitreabhach bunaithe ins na h-Eastáit Tithíochta. Déanfaidh an Chomhairle iarracht cabhrú le Grúpaí Áitreabhach chun Oibreacha Chomhshaoil a chur chun cinn in a n-eastáit féin, ar aon dul leis an bhfondúireacht atá ar fáil ar bhonn bhliantúil.

Is féidir cabhair/comhairle a fháil chun a bheith páirteach i bPáirtíocht Tionónta /Bainistíocht Eastáit trí dhul i dteagmháil le Oifigeach Cheangal tionónta na Comhairle ins An Roinn Tithíochta ag 067 44836.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean

Tá Ionad do Dhaoine gan Dídean á fheidhmiú ag an gComhairle i bpáirtíocht leis an Fheidhmeannacht Seirbhísí Sláinte, i Sráid Kenyon, Aonach Urmhumhan, áit in a bhfuil Oifigeach Leasa an Phobail agus Oibrí Athlonnaithe i bhfeighil Chlinicí Seachtainiúla chun freagairt do ghátair na ndaoine gan dídean agus dóibh siúd go mbeadh lóistín éigeandála ag teastáil uatha. Is féidir teagmháil le hIonaid na nDaoine gan Dídean trí dhiail díreach ag 06746503, 46504. Tá clinicí seachtracha ar siúl in aghaidh na seachtaine i Ros Cré agus i nDurlas Eile chun déileáil le riachtanais na ndaoine gan dídean ins na ceantair sin. Seo leanas na sonraí faoi na clinicí seachtainiúla:

Ionad na nDaoine gan Dídean, Sráid Kenyon, Aonach Urmhumhan –

Dé Luain & Dé hAoine – 10.30 chuig 11.00 am.

Ionad Sláinte, Sráid an Charcair, Ros Cré – Céadaoin – 10.00 chuig 10.30 am.

Ionaid Sláinte, Naomh Muire, Durlas Eile – Céadaoin – 2.00 chuig 2.30 pm.

Seirbhísí Uisce

Eolas Ginearálta

Tá ár Roinn Seirbhísí Uisce lonnaithe ins na hOifigí Chathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan agus is féidir dul i dteagmháil leo trí dhiail díreach chuig 067 44828 nó 44830.

Soláthar Uisce

Nithe a chuireann isteach ar sholáthar uisce

Is iomaí iad na cúiseanna a bhíonn ag cur isteach ar an soláthar – tá cuid acu faoi smacht na Comhairle agus cuid eile acu de bharr tarlaithe nach mbeifí ag súil leo.

I gcás go bhfuil an cur isteach go suaithinseach agus faoi smacht na Comhairle, cuirfimid scéala chuig na custaiméirí go léir go mbainfidh sé leo, ar a laghad 24 uair a' chloig roimh an cur isteach atá ar intinn acu. Ins an bhfógra seo beidh an meastachán is fearr dá bhfuil againn faoi fhaid an chur isteach.

I gcás nach mbítear ag súil leis an gcur isteach suaithinseach seo, déanfaimid iarracht láithreach teacht ar an gcúis atá leis. I gcás go gceaptar go mbeidh moill ar an ndeisiúchán, cuirfimid scéala chuig na custaiméirí go léir go mbaineann sé leo laistigh de 24 uair a' chloig ón gcur isteach, ag tabhairt sonraí iomlána faoin gcúis agus an t-am a cheaptar go mbeidh an soláthar ar ais. Déanfar é seo trí fhógraí a chur ar láithreán ghréasáin na Comhairle www.tipperarynorth.ie ar an Stáisiún Raidió Áitiúil agus/nó bileoga a dháileadh amach chuig tithe indibhidiúla agus/nó córas fógraíochta poiblí so-ghluaiste.

Gearáin i dtaobh sholáthair

Is é ár n-aidhm go mbeidh seirbhís den scoth ar fáil dár gcustaiméirí. Ach dá mbeifeá mí-shásta am ar bith leis an seirbhís,

d’fhéadfá do ghearán a sheoladh chuig an Stiúrthóir Sheirbhísí Iompair, Bóithre & Uisce.

Eiseoimid admháil go bhfuil do ghearán scríofa faighte againn laistigh de 3 lá oibre agus eiseoimid freagra iomlán laistigh de 3 sheachtain.

Iarratais le haghaidh dí-cheangail

Nuair a chuireann tú isteach iarratas le haghaidh dícheangail cuirfimid ar aghaidh é chuig an fhoireann theicniúil chuí.

I gcás go mbíonn an t-iarratas líonta i gceart eiseoimid admháil go bhfuil sé faighte againn laistigh de dhá lá oibre. Cinnteoidh an admháil seo an dáta go bhfuarthas an t-iarratas agus an dáta go bhfuil sé ar intinn an dícheangail a dhéanamh.

Iarratais i gcomhair Cheangail chuig na príomhlínte shéarachais agus uisce agus le haghaidh cheadúnais i gcomhair Oscailtí Bóthar.

Nuair a chuirfidh tú isteach iarratas le haghaidh cheangail nó ceadúnas chun bóthar phoiblí a thochailt, scrúdóimid é láithreach chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-iarratas líonta isteach i gceart.

Ceangail

Mura mbíonn an t-iarratas líonta in a iomláine beimid i dteagmháil leat faoi, laistigh de 3 lá oibre ag míniú an eolais bhreise atá riachtanach chun é a chríochnú.

Eiseoimid ár gcinneadh i dtaobh do iarratas le haghaidh ceangail laistigh de 2 sheachtain ón am go bhfuarthas iarratas uait atá líonta isteach go hiomlán agus i gceart. Beidh an fhógraíocht faoi pé táillí atá ag teacht chugainn istigh leis seo. Eiseofar fógra le cead

laistigh de 3 lá ón ar íoc tú do tháillí.

Oscailt Bhóthair

Tá doiciméadú suaithinseach ag teastáil de réir reachtaíochta Sábháilteachta & Sláinte. Caithfidh an t-iarrthóir é seo a

ullmhú agus caithfidh Roinn na mBóithre ins an Chomhairle measúnacht a dhéanamh air. Is é aidhm na Seirbhísí Uisce ná go n-eiseoimid ár gcinneadh i dtaobh do iarratas le haghaidh cheadúnais oscailt bhóthair laistigh de 4 sheachtain ón am go bhfuarthas an fhoirm agus é líonta i gceart. Beidh an fhógraíocht faoi na táillí atá ag dul dúinn iniata.

Eiseofar fógra le cead laistigh de 3 lá ónar íoc tú an táille.

Iarratais ó Scéimeanna Grúpaí

Nuair a chuireann tú isteach iarratas le haghaidh fhóirdheontais do ghrúpa-scéim atá ann cheana féin scrúdóimid é láithreach chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-iarratas líonta isteach i gceart.

I gcás nach mbíonn an t-iarratas i gceart scríobhfaimid chugat laistigh de 3 lá oibre agus míneoimid an t-eolas breise atá riachtanach chun é a chríochnú.

Íocfar na fóirdheontais i dtaobh na scéimeanna atá ann cheana laistigh de 3 sheachtain ó fuarthas an fhoirm líonta in a iomláine uait.

Iarratais le haghaidh Deontais do Thobar Príobháideach

Nuair a chuireann tú isteach iarratas le haghaidh deontais do thobar príobháideach, scrúdóimid é láithreach chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-iarratas líonta isteach i gceart.

Mura mbíonn an t-iarratas líonta in a iomláine, tabharfaimid le fios duit é laistigh de 3 lá oibre ag

míniú an eolais breise is gá chun é a chur in a cheart.

Eiseoimid ár gcinneadh le cead/diúltú sealadach laistigh de 3 sheachtain ón ndáta go bhfuarthas an fhoirm agus é líonta i gceart uait.

Eiseofar an deontas laistigh de 5 sheachtain ón ndáta ar a bhfuaireamar an doiciméadú riachtanach ar chríochnú na hoibre go léir agus trialacha uisce.

Táillí Uisce

Cuir do cheisteanna i dtaobh táillí uisce chuig ár Roinn Airgeadais atá lonnaithe ins na hOifigí Chathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan agus gur féidir teagmháil leo trí dhiail díreach chuig 067 44525 nó 44526.

Íocaíocht na dTáillí

Eiseoimid billí na dtáillí uisce roimh an 30 Aibreán agus 31 Deireadh Fómhair gach aon bhliain.

I gcás nach n-íoctar táillí déanfar pé ní is gá chun iad a bhailiú, ag eisiúint fógra ag lorg íocaíochta laistigh de 7 lá, in a measc, Mura mbíonn an íocaíocht díolta fós, eiseofar meabhrúchán eile, le dí-cheangail nó cúrsaí dlí nó iad araon, a leanúint de réir mar is gá i gcás duine áirithe ar bith.

Seirbhísí Comhshaoil

Eolas Ginearálta

Tá ár Roinn Seirbhísí Chomhshaoil lonnaithe ins na hOifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan agus is féidir dul i dteagmháil leo trí dhiail díreach chuig 067 44786.

Gníomhaíochtaí Athchúrsála

Tabharfaidh an Roinn Athchúrsála bosca múirín laistigh de 4 sheachtain ón am a loirg tú é agus gur íoc tú an táille fhóirdheontais chuí de €35 ag brath go mbeidh bosca ar fáil.

Suímh Thréigthe

Tá Clár na Suíomh Tréigthe á choinneáil ag an gComhairle ins an Roinn Chomhshaoil. Tá fáilte romhat An Clár a iniúchadh le linn uaireanta oifige. Tabharfar aon eolas ginearálta duit faoi chúrsaí láithreach.

Eolas faoi Bhruscar, Truailliú Uisce, Madraí, Núiseanna, Fothram

Bíonn an Roinn Chomhshaoil ag déileáil leis na ceisteanna uilig faoi bhruscar, truailliú uisce madraí, núiseanna agus fothram. Tá fáilte romhat glao teileafóin nó cuairt a thabhairt ar an oifig le linn ghnáth uaireanta oibre agus tabharfar aon eolas ginearálta duit atá uait láithreach. Saor-fón Bhruscair 1800 250 350.

Dá mba mhian leat gearán a dhéanamh faoi rud ar bith nó tuairim a nochtadh, is féidir leat é dhéanamh tríd an bhfón nó i scríbhinn. Cuirfimid admháil chugat laistigh de 3 lá oibre agus inseoimid duit faoi pé ghníomhaíocht atá ar intinn faoin bhfadhb.

Nuair a bheidh iniúchadh déanta againn, inseoimid duit faoin

dtoradh laistigh de 7 lá agus inseoimid duit i dtaobh aon mhodhanna achomharc atá ann duit dá mba rud é nach raibh tú sásta leis an gcinneadh.

Iarratais le haghaidh Cheadúnais Dramhaíola

Nuair a chuireann tú isteach iarratas le haghaidh cheadúnais scrúdóimid é láithreach chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-iarratas agus an suíomh agus an fógra sna nuachtáin in ord agus in eagar.

Má bhíonn an t-iarratas neamh-dleathach beimid i dteagmháil leat laistigh de 14 lá oibre ag léiriú pé eolas breise atá á lorg chun go mbeadh sé i gceart.

Má bhíonn an t-iarratas i gceart eiseoimid admháil laistigh de 14 lá oibre. Cinnteoidh seo an dáta ar a bhfuarthas an t-iarratas agus an uimhir thagartha a ghabhann leis.

I gcás go bhfaighimid amach le linn an iniúchadh go bhfuil gá le heolas breise, eiseoimid liosta de mhion-shonraí faoin eolas atá uainn. Lorgófar eolas breise laistigh de mhí chomh luath agus a fhaighimid iarratas atá cruinn ceart.

Eiseofar cinneadh i dtaobh iarratais shásúil laistigh de 2 mhí.

Ins an bhfógraíocht seo beidh sonraí faoin bpróiseas achomharc a fhéadfá a thógáil dá mbeifeá mí -shásta i slí ar bith faoinár gcinneadh.

Agóidí i gcoinne Iarratais

Dá mba mhian leat agóid a chur isteach nó tuairim a nochtadh i dtaobh do iarratais, d’fhéadfá é a dhéanamh i scríbhinn. Beidh admháil agat uainn laistigh de 7 lá oibre.

Beimid ag teagmháil leat in a thaobh laistigh 7 lá oibre tar éis teacht ar chinneadh. Ins bhfógra beidh na sonraí faoin bpróiseas achomhairc a fhéadfá a thógáil

dá mbeifeá mí-shásta i gcaoi ar bith lenár gcinneadh.

Clár na n-Iarratas

Coinníonn an Chomhairle clár na n-iarratas go léir in Oifig an Chomhshaoil. Beidh fáilte romhat glaoch theileafóin a chur chuig an oifig nó cuairt a thabhairt le linn ghnáth uaireanta oibre agus tabharfar aon eolas ginearálta duit láithreach (is féidir cóip den cheadúnas a cheannach).

Iarratais le h-Aghaidh Cheadúnais Urscaoileadh chuig Uiscí nó Séarachais

Ag cur isteach iarratais

Nuair a chuireann tú isteach iarratas le haghaidh cheadúnais, scrúdóimid é láithreach chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé líonta isteach i gceart.

Má bhíonn an t-iarratas neamhbhailí inseoimid duit é laistigh de 7 lá oibre ag tabhairt le fios duit aon eolas breise is gá chun é a bheith gceart.

Má bhíonn an t-iarratas i gceart eiseoimid admháil go bhfuarthas é laistigh de 7 lá oibre ag cinntiú an dáta go bhfuarthas é agus an uimhir thagartha a ghabhann leis.

I gcás go dtugaimid faoi deara go bhfuil breis eolais ag teastáil eiseoimid liosta des na mion-sonraí atá ag teastáil. Beidh eolas breise á lorg laistigh de mhí ón am go bhfaighimid iarratas cruinn ceart.

Beidh cinneadh á eisiúint faoi iarratas bailí laistigh de 2 mhí.

Ins an bhfógraíocht seo beidh na mion-sonraí faoin bpróiseas achomharc a fhéadfá a thógáil dá mbeifeá mí-shásta i slí ar bith lenár gcinneadh.

Agóid i gcoinne Cheadúnais le haghaidh urscaoileadh chuig Uiscí

Dá mba mhian leat agóid a chur isteach nó tuairim a nochtadh i dtaobh do iarratais, d’fhéadfá é

sin a dhéanamh i scríbhinn. Cuirfimid admháil chugat laistigh de 7 lá oibre.

Chomh luath agus a déantar cinneadh faoi do iarratas, cuirfimid scéala chugat laistigh de 7 lá oibre agus inseoimid duit faoi aon phróiseas achomhairc

Clár na gCeadúnas

Tá clár des na h-iarratais go léir i gcomhair ceadúnas á choinneáil i Roinn an Chomhshaoil. Beidh fáilte romhat glaoch ghutháin nó cuairt a thabhairt ar an oifig le linn ghnáth uaireanta oibre agus tabharfar duit aon eolas ginearálta láithreach (is féidir cóip den cheadúnas a cheannach].

Sábháilteacht Uisce

Is féidir teagmháil leis An Oifigeach Sábháilteachta Uisce i Roinn an Chomhshaoil, Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan fón 067-44782.

Is féidir sonraí Cúrsaí Samhraidh agus Ranganna Gheimhridh i do cheantair a fháil trí cheist a chur i do linn snámha áitiúil.

Linn Aonach Urmhumhan 067317 88 (déan teagmháil le bainisteoir na Linne).

An linn lasmuigh i mBaile an Átha (Séasúr an tsamhraidh amháin) déan teagmháil le 067- 44782

An Linn lasmuigh i mBuiríos Uí Chéin (Séasúr an tsamhraidh amháin). Déan teagmháil le 067 44782

Linn Ros Cré 050523822

(déan teagmháil le bainisteoir na linne)

Forbairt & Pleanáil

Eolas Ginearálta

Tá An Roinn Pleanála lonnaithe ar an urlár talún des na hOifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan agus is féidir dul i dteagmháil leo trí dhiail díreach chuig (067) 44652.

Tá an t-eolas go léir a bhaineann le hiarratais a chur isteach le haghaidh chead pleanála ar fáil díreach ón bhfoireann, nó trí thagairt dos na nótaí treoracha cuimsitheacha a chuirtear ar fáil in éineacht leis an bhfoirm iarratais. Tá na sonraí seo ar fáil ar ghréasán na Comhairle, chomh maith.

Iarratais le haghaidh Chead Pleanála

Nuair is mian leat cur isteach le haghaidh chead phleanála:

Nuair a chuireann tú iarratas isteach le haghaidh chead (phleanála), scrúdóimid é chun deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann sé na riachtanais uilig atá leagtha amach ins na Rialúcháin Forbartha agus Pleanála 2001 (mar atá leasaithe).

Má bhíonn an t-iarratas neamh-dleathach, cuirfimid scéala chugat laistigh de 5 lá oibre. Tabharfaimid an doiciméadú go léir ar ais, chomh maith le haon táille a fuarthas agus inseoimid duit faoi na riachtanais ins na rialúcháin nár chomhlíonadh agus iarrfar ort aon fhógra shuímh a chuireadh suas faoin iarratas a bhaint anuas.

Má bhíonn an t-iarratas bailí eiseoimid admháil laistigh de 7 lá oibre. Cinnteoidh an admháil seo an dáta go bhfuarthas an t-iarratas agus an uimhir thagartha a gabhann leis.

Chomh luath agus a fhaighimid iarratas cruinn ceart déanfaimid é a phróiseáil. Má bhíonn tuilleadh eolais uainn conas gur féidir linn teacht ar chinneadh, eiseoimid éileamh chugat laistigh de 7 sheachtain ó fuarthas iarratas cruinn, ceart sásúil. Chomh luath agus a fhaighimid uait an t-eolas breise go léir atá uainn chun gur féidir linn ár gcinneadh a dhéanamh seolfaimid an cinneadh sin chugat laistigh de 4 sheachtain.

I gcás nach gá tuilleadh eolais a éileamh, déanfaimid cinneadh laistigh de 8 sheachtain ón am a fhaighimid do iarratas mura ndéantar an teorainn ama a fhadú agat féin. Gheobhaidh tú fógra faoin gcinneadh seo trí phost chláraithe laistigh de 3 la oibre.

In ár bhfógra faoin gcinneadh beidh na sonraí faoin bpróiseas achomhairc atá ann duit, dá mba mhian leat achomhairc a chur isteach chuig an Bord Pleanála.

Beidh fáilte romhat más mian leat glao ghutháin a chur chugainn nó glaoch chun na hoifige le linn ghnáth uaireanta oibre chun an clár a iniúchadh. Tá do chearta chun na Comhaid Phleanála, mar a táid leagtha amach go soiléir ins an Reachtaíocht Pleanála, a scrúdú agus beidh áthas ar an bhfoireann na nithe go bhfuil tú i dteideal dóibh a mhíniú duit. Is féidir fiosrúcháin a dhéanamh freisin, ar líne ar ghréasán na Comhairle.

Dá mba mhian leat agóid a chur isteach déan é i scríbhinn laistigh de 5 sheachtain ón dáta go bhfuarthas an t-iarratas atá i gceist. Ní bheidh do agóid/moladh dleathach mura mbíonn táille €20 in éineacht leis. Gheobhaidh tú admháil faoi do agóid/moladh, tríd an bpost laistigh de 7 lá oibre.

I gcás go bhfuil agóid/moladh dleathach curtha isteach agat inseofar duit laistigh de 3 lá oibre faoi cheann ar bith nó fúthu go léir des na nithe seo leanas:

- *I gcás go bhfuil tuilleadh* eolais tábhachtach faighte i dtaobh an iarratais,
- I gcás go bhfuil cinneadh déanta faoin iarratas in a bhfuil sonraí faoin bpróiseas achomhairc ar fáil duit,
- I gcás go bhfuil achomhairc dleathach curtha isteach i gcoinne an chinneadh ag aoinne ar bith
- I gcás go mbíonn an t-iarratas mí-dleathach ar aon chúis nó tarraingthe siar. (I gcás na n-iarratas mí -dleathach aisíocfar an táille €20 ar ais chugat).

Gearáin i dtaobh Fhorbairt gan Chead

I gcás go bhfaighimid gearán, i scríbhinn i dtaobh fhorbairt gan chead nó i dtaobh an teip chun dul de réir na dtéarmaí nó coinníollacha d'aon chead a tugadh, déanfaimid é a admháil laistigh de 7 lá oibre agus déanfaimid fiosrúchán faoi laistigh de 5 sheachtain. Cé is moite don chás go bhfaightear amach go bhfuil an gearán seafóideach, achrannach nó suarach, eiseoimid Litir Rabhaidh chuig an bhforbróir laistigh de 6 sheachtain, ag iarraidh go gcuirfí deireadh leis an bhforbairt mhí-dleathach agus ag lorg moltaí laistigh de 4 sheachtain. Tabharfar cóid Litir Rabhaidh don chlamhsánaí agus dos na daoine eile go léir go bhfuil suim acu sa chás.

Ag cur san áireamh aon fhreagra go bhfuarthas agus nádúir an fhorbairt gur déanadh clamhsán faoi, déanfaimid suas ár n-aigne

laistigh de 12 sheachtain ó eisiúint an litir rabhaidh, féachaint ar cheart fógra Chomhshaoil a eisiúint,

Úsáidfidh An Chomhairle a cumhachtaí chun Ordú Cúirte a lorg chun cosc a chur le tógáil gan chead a thosú nó leanúint i gcás go gceaptar nach bhfuil sé ceart ná coir.

Seirbhísí Tine & Éigeandála

Eolas Ginearálta

Tá ár Roinn Thine agus Seirbhísí Éigeandála lonnaithe ins an Stáisiún Tine lárnach Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan agus i gcás glaonna neamh-phráinneacha is féidir teagmháil leo trí dhiail díreach chuig 067 38400.

Iarratas le h-aghaidh Theastais Tine (in a bhfuil Teastais Tabhairt chun rialtacht agus Leasaithe).

Nuair is mian leat cur isteach ar Theastas Sábháilteachta Thine.

Nuair a chuireann tú isteach iarratas le haghaidh teastais scrúdóimid é láithreach chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-iarratas líonta in a iomlán agus i gceart.

Má bhíonn an t-iarratas bailí eiseoimid admháil go bhfuarthas é laistigh de 7 lá oibre. Deimhneoidh an admháil seo an dáta go bhfuarthas an t-iarratas agus an uimhir thagartha a gabhann leis.

Má bhíonn an t-iarratas neamh-bhailí inseoimid sin duit laistigh de 7 lá oibre ag tabhairt le fios cad é an t-eolas áirithe breise is gá chun go mbeadh sé sásúil.

Chomh luath agus a fhaighimid iarratas bailí, déanfaimid próiseáil air. Dá mbeadh tuilleadh eolais d’aon t-sórt uainn chun teacht ar chinneadh eiseoimid achainí duit laistigh de 35 lá oibre ón am a bhfuarthas an t-iarratas bailí.

Chomh luath agus a fhaighimid an t-eolas go léir uait atá ag teastáil uainn chun gur féidir linn teacht ar chinneadh, eiseoimid ár gcinneadh laistigh de 20 lá oibre. Beidh na sonraí faoin bpróiseas achomhairc a fhéadfá a thógáil in éineacht lenár gcinneadh dá mba

mhian leat achomharc a chur isteach.

Nuair a bhíonn eolas uait i dtaobh aon iarratais le haghaidh Teastas Sábháilteachta Thine.

Tá clár na n-iarratas le haghaidh Teastas shábháilteachta Tine a choinneáil ins An Stáisiún Tine lárnach in Aonach Urmhumhan. Beidh fáilte romhat glao ghutháin a dhéanamh, nó cuairt ar tabhairt chuig an Oifig le linn ghnáth uaireanta oibre, chun an clár a iniúchadh agus tabharfar aon eolas ginearálta ar bith atá uait láithreach.

Teastais rochtain do dhaoine ar mhí-chumais (chomh maith leis na cinn leasaithe)

Nuair is mian leat cur isteach ar Theastas Rochtain do dhaoine ar Mhí-Chumas:

Nuair a chuireann tú isteach iarratas le haghaidh Teastais scrúdóimid é láithreach de go bhfuil an t-iarratas líonta isteach in a iomláine agus i gceart.

Má bhíonn an t-iarratas dleathach eiseoimid admháil go bhfuarthas é laistigh de 7 lá oibre. Deimhneoidh an admháil seo an dáta ar a bhfuaireamar an t-iarratas agus an uimhir thagartha a ghabhann leis.

Má bhíonn an t-iarratas mí-bhailí inseoimid duit é laistigh de 7 lá oibre ag rá pé eolas breise áirithe is gá chun é a bheith i gceart ar fad.

Chomh luath agus a fhaighimid an t-iarratas déanfaimid é a phróiseáil. Dá dteastódh tuilleadh eolais uainn chun teacht ar chinneadh iarrfaimid ort laistigh de 35 lá oibre ón uair go bhfuarthas an t-iarratas bailí.

Chomh luath agus a fhaighimid uait an t-eolas go léir atá uainn chun gur féidir linn teacht ar chinneadh, eiseoimid ár gcinneadh laistigh de 20 lá oibre.

Beidh na sonraí faoin bpróiseas achomhairc a fhéadfá a thógáil in éineacht lenár gcinneadh dá mba mhian leat achomharc a cur isteach.

Nuair a bhíonn eolas uait i dtaobh iarratas ar bith le haghaidh Teastas Rochtana do dhaoine ar Mhí-chumas:

Tá clár na n-iarratas le haghaidh Teastas rochtana do dhaoine ar Mhí-chumas á choinneáil ins an Stáisiún Tine lárnach, Aonach Urmhumhan. Beidh fáilte romhat glao gutháin a chur nó cuairt a thabhairt ar an Oifig le linn ghnáth uaireanta oibre, chun an clár a iniúchadh agus tabharfar duit aon eolas ginearálta atá uait láithreach.

Fógraí faoi Thosaithe

Nuair a chuireann tú isteach Fógra faoi thosú, scrúdóimid é láithreach chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an fógra líonta isteach in a iomláine agus i gceart.

Má bhíonn an fógra bailí, eiseoimid admháil duit go bhfuarthas é laistigh de 7 lá oibre. Deimhneoidh an admháil seo an dáta go bhfuaireamar an fógra agus an uimhir thagartha a ghabhann leis.

Má bhíonn an fógra mí-bhailí inseoimid duit é laistigh de 7 lá oibre ag rá leat pé eolas breise áirithe is gá chun go mbeadh sé bailí.

Seirbhísí Bóthar

Eolas Ginearálta

Is féidir gach uile eolas i dtaobh na mbóithre agus i dtaobh nithe dtaobh na mbóithre a fháil ó Roinn na m-Bóithre atá lonnaithe ins na hOifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh Aonach Urmhumhan. Is iad na línte dhiail Díreacha ná 067-44871 agus 067-44876. Chomh maith leis sin tá oifigí lonnaithe againn ag na seoltaí seo leanas:

Oifig Port Nua, An Phríomh Shráid, An Port Nua –Fón: 061-378192

Oifig Bhuiríos Uí Chéin, Teach na Cúirte, Buiríos Uí Chéin

Oifig Ros Cré, Bóthar Biorra, Ros Cré- Fón: 0505-21319

Oifig Dhurlas Eile, Sráid Rossa Durlas Eile-Fón; 050421153

Éilimh le haghaidh Deisiúcháin do Bhóithre Phoiblí

Nuair a chuireann do éileamh chugainn tríd an fón nó trí chuairt a thabhairt chuig ár n-oifigí.

I dtaobh na n-éileamh díreach chugainn chun deisiúcháin a dhéanamh, éilimh le haghaidh aire do bhóithre &rl., cuirfear iad chun cinn láithreach chuig an oifigeach ceantair cuí. Beifear go deas cúirtéiseach le cuairteoirí i gcónaí agus déanfar gach uile iarracht is féidir chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfar déileáil lena n-éilimh go héifeachtach agus go leanfar an modh oibre is oiriúnaí go pras.

Nuair a sheolann tú do éileamh tríd an post:

Cuirfear éilimh i scríbhinn chuig Oifig na m-Bóithre máille le hionadaíocht a dhéantar ag ionadaithe poiblí ar son an phobail chuig an innealtóir cheantair cuí laistigh de 3 lá oibre agus beidh freagra iomlán eisithe

laistigh de 15 lá oibre. I gcásanna áirithe tharlódh go mbeadh gá le hiniúchadh níos doimhne faoi nithe/ fadhbanna áirithe a dhéanamh agus sa chás seo inseoidh Roinn na m-Bóithre duit faoin mhéid ama atá i gceist.

Iarratas a cuireadh isteach faoi Scéim na m-Bóithre go bhfuil Cabhair an Phobail leis/ Scéim Fheabhais Áitiúil

Iarratas a dhéantar faoin Scéim seo beidh admháil le fáil fúthu agus cuirfear ar aghaidh iad chuig an innealtóir ceantair cuí laistigh de 3 lá oibre.

Nuair a bheidh liosta iomlán na n-iarratas agus na cinn a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin chomh maith agus nuair a bhíonn siad iniúchta agus a gcostais oibrithe amach ag an Innealtóir Ceantair cuirfear iad faoi bhráid na mball tofa chun iad a mheas ag Cruinniú na Comhairle. Iarrfar orthu siúd a mhol na scéimeanna a tógadh, an síntiús áitiúil a íoc agus ansin déanfaidh an t-Innealtóir Áitiúil an obair a sceideal.

Cuirfear na h-iarratasóir nár éirigh leo ar a n-eolas, freisin faoi chinneadh na Comhairle.

Ceadúnais Oscailtí na m-Bóithre eisithe ag Bóithre

Déanfar cinneadh i dtaobh oscailtí na mbóithre, cé is moite díobh siúd le haghaidh seirbhísí uisce agus séireachais laistigh de cheithre sheachtain ó chuireadh an t-iarratas isteach. Eiseofar litir le cead laistigh de thrí lá ó íocadh na táillí.

Ceadúnas le haghaidh Ualaí Neamh-ghnácha.

Eiseofar ceadúnas laistigh de sheacht lá oibre ón am go bhfuarthas an t-iarratas.

Seirbhísí Mótar-Chánach

Eolas Ginearálta

Tá ár Roinn Mótar-Chánach lonnaithe i Sráid Kickham, Aonach Urmhumhan agus is féidir teagmháil leo trí dhiail díreach chuig 067 44701. Is iad na h-amanta oscailte ná 9 am chuig 3 pm, Luan go hAoine.

Is é ár n-aidhm ná go gcuirfimis seirbhís éifeachtach ar fáil agus lorgóimis do chabhair trí dheimhin a dhéanamh de go bhfuil gach uile doiciméid is gá le do iarratas. Má bhíonn aon dabht ort, déan teagmháil lenár n-oifig leis an bhfón led' thoil.

Ag fáil na cánach dod' charr

D 'Fhéadfá do mhótar-cháin a athnuachan ach an clúdach litreach réamh-íoctha a chuireadh chugat le do mheabhrúchán a úsáid. Déanfar an phróiseáil uilig ar iarratais trí 'n bpost agus a bheith curtha ar ais chugat laistigh de 3 lá oibre ón am go bhfuarthas iad. Ar an dtaobh eile má bhíonn uimhir UAP ar do fhógra athnuachana, d'fhéadfá an cháin a íoc ar líne ar www.motortax.ie nó beidh fáilte romhat in ár n-oifigí i Sráid Kickham, áit a ndéanfaimid déileáil le do iarratas laistigh de 30 nóiméad.

Ceadúnais Tiomána

d 'Fhéadfá do cheadúnas nua a iarraidh nó do cheadúnas a athnuachan tríd an bpost nó trí ghlaoch chuig ár n-oifigí. Nuair a fhaighimid do iarratas agus é líonta isteach in a iomláine, tá sé mar aidhm againn 50% des na ceadúnais a eisiúint laistigh de 5 lá oibre.

Athrú Úinéireachta

Déanfaimid do iarratas a phróiseáil laistigh de 10 lá oibre.

Iarratais le haghaidh cheadúnais don Lucht Gnó

Déanfaimid próiseáil ar do iarratas laistigh de 2 lá oibre.

Ceadúnais do leantóirí

Déanfaimid próiseáil ar do iarratas laistigh de 3 lá oibre.

Iarratais le haghaidh Aisíoc

Déanfaimid próiseáil ar do iarratas agus eiseoimid íocaíocht laistigh de 30 lá oibre.

Ceisteanna na nGardaí

Freagróimid na ceisteanna go léir laistigh de 2 lá oibre.

Ceisteanna ó Dhlíodóirí

Freagróimid na ceisteanna go léir laistigh de 3 lá oibre.

Ceisteanna i dtaobh fíneáil tráchta

Freagróimid na ceisteanna go léir laistigh de 10 lá oibre.

Bailiúcháin Rátaí & Cáin Theach Cónaithe príobháideach nach é an Príomh -Theach Cónaithe é.

Eolas Ginearálta

Tá seirbhísí na rátaí comhordaithe ag ár Roinn Sheirbhísí Airgeadais atá lonnaithe ins na hOifigí Cathartha Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan agus is féidir dul i dteagmháil leo trí dhiail díreach chuig 067 44525.

Is féidir ceisteanna i dtaobh rátaí tráchtála, táillí uisce agus ar cháin do Theach Cónaithe Príobháideach nach é an príomh Teach Cónaithe é a chur chuig an oifig seo. (Déan tagairt led' thoil, lenár n-eolaire ainmneacha agus uimhreacha teileafóin ar chúl).

Ag Eisiúint Éilimh ar Rátaí

Eiseoimid gach uile éileamh agus barántas roimh an 31 Marta gach bliain.

Íocaíocht na n-Éileamh

Tá íocaíocht an chéad ghála des na rátaí dlite ar éileamh gach bliain agus bíonn an dara gála dlite ar a 1 Iúl gach bliain.

I gcás nach mbíonn na rátaí íoctha ar an 30 Meitheamh agus 30 Iúil, gach bliain, déanfar pé ní is gá chun iad a bhailiú ag eisiúint Fógra Riaráistí Sé lá, Gnáthaimh Reachtaíochta, le cúrsaí dlí in a measc/tobhach faoi bhrú más gá.

Eisiúint Teastais faoi Luacháil Ion-Rátaithe

Nuair a chuireann tú isteach iarratas le haghaidh teastas luacháil ion-rátaithe scrúdóimid é láithreach chun deimhin a

dhéanamh de go bhfuil an t-iarratas líonta go hiomlán agus i gceart, agus go bhfuil an t-eolas go léir is gá istigh in éineacht leis.

Má bhíonn an t-iarratas i gceart eiseoimid teastas iomlán laistigh de dhá lá oibre.

Mura mbíonn an t-iarratas go hiomlán i gceart, cuirfimid é sin in iúil duit laistigh de cheithre lá oibre ag tabhairt le fios duit an t-eolas breise áirithe is gá chun é a chríochnú.

Oifig Luachála

Má bhíonn fiosrúchán i dtaobh luacháil sealúchais déan teagmháil led' thoil leis An Oifig Luachála ag 1890 304444 (Costas céanna le glao áitiúil).

Cáin Theach Cónaithe Príobháideach nach é an Príomh Theach Cónaithe

Cabhróimid leis an bpobal le fiosrúcháin a bhíonn acu i dtaobh fhiachais i gcás cháin Theach Cónaithe Príobháideach nach é an Príomh –Theach Cónaithe é, agus déanfaimid pé ní is gá chun sealúchais freagracha a aithint nár admhaíodh iad le haghaidh chánach.

Admhálacha faoi Airgead a fuarthas

Nuair a dhéanann tú íocaíocht ins na hOifigí Cathartha, Aonach Urmhumhan, Oifig Cheantair Port Nua agus oifig Cheantair Ros Cré eiseofar admháil oifigiúil chugat láithreach. Mura mbíonn córas admhála ar fáil ar aon chúis eiseofar “Admháil fá choinne Airgid a fuarthas” chugat agus cuirfear admháil chugat chomh luath agus is féidir.

Nuair a chuireann tú íocaíocht tríd an bpost, eiseofar admháil chugat le casadh an phoist, mura mbíonn fiosrúchán áirithe éigin. I dtreo is gur féidir linn admháil chruinn agus tapa a chur amach, chabhródh sé dá ndéanfá deimhin de go mbeadh nóta leis na h-íocaíochtaí go léir, le hainm agus seoladh an Íocaí agus an tseirbhís agus an uimhir chuntais go mbaineann sé leis. d’ Fhéadfaí glacadh le seiceanna iar-dhátaithe ach amháin le chomh-shocrú le roinn an údaráis seo atá dlite chun iad a fháil. Coimeádfar cuntas orthu seo i gclár lárnach agus seolfar admháil chomh luath agus a bhíonn siad i gceart.

Beidh an dáta ar a bhfuarthas an t-airgead ar gach uile admháil oifigiúil agus an duine óna bhfuarthas é pé acu ar déanadh an íocaíocht trí airgead, seic, ordú airgid, ordú poist, carta creidmheasa/dochar/laser nó in aon tslí eile. Caithfear na seiceanna go léir a bheith in-íoctha le Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh. Ní ghlactar le seiceanna ón dtríú páirtí.

Tacaíocht Chorparáide

Eolas ginearálta

Tá ár Roinn Tacaíocht Chorparáide lonnaithe ins na hOifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan agus is féidir dul i dteagmháil leo trí dhiail díreach chuig 067 44520, 44633, 44553. d' Fhéadfaí fiosrúcháin a chur chun na hoifige seo trí ríomh-phost chuig: corporatesupport@northtippcoco.ie

Clár na dToghthóirí

Is í an uimhir theagmhála dhíreach ná 067 44520.

Beidh an clár le feiceáil go poiblí ins na háiteanna seo leanas chun gur féidir leat seiceáil féachaint an bhfuil tú cláraithe i gceart: Oifigí na Comhairle, Oifigí Chomhairle an Bhaile, Stáisiúin na nGardaí Oifigí a' Phoist agus leabharlanna nó ar ghréasán na Comhairle www.tipperarynorth.ie

An Dréacht-Chlár

Foilseoimid an Dréacht-chlár ar an 1 Samhain gach bliain agus déanfaimid fógraíocht go bhfuil an clár curtha amach go poiblí chun gur féidir é a iniúchadh.

Má chuireann tú isteach iarratas bailí déanfaimid é a phróiseáil. Cuirfimid scéala chugat i scríbhinn faoin leasú a déanadh ar do ainm ar an gClár.

Má chaitheadh amach do iarratas inseofar duit é i scríbhinn, ag tabhairt an chúis duit faoinar diúltaíodh é.

Cuirfimid scéala i scríbhinn, chuig 'chuile dhuine atá curtha leis an gclár nó bainte de ach amháin i gcás na ndaoine marbha atá bainte de agus ní eiseofar aon chomhfhreagras chucu.

Cúirt na n-Éileamh

Caithfear na hiarratais déanach go léir agus éilimh le haghaidh cheartúcháin ins an Dréacht-Chlár a bheith curtha isteach ag an 25 Samhain ionas go mbeidh próiseáil déanta orthu gCúirt na n-Éileamh.

Foilseoimid liosta na n-éileamh faoin 30ú Samhain.

Cuirfear fógra chuig na n-éilitheoirí go léir i dtaobh an dáta, lonnaíocht agus amanta an chúirt éilimh agus pé gníomhaíocht atá a mholadh faoina n-ainmneacha a chur leis an liosta, a mbaint de nó a athrú.

Tar éis do chúirt na n-éileamh a gnó a chríochnú cuirfimid scéala chuig na n-éilitheoirí go léir i dtaobh chinneadh Chláraitheoir an Chontae faoi ligeadh nó gan ligeadh dá n-éileamh.

Liostaí na Vótálaithe Speisialta & Poist

Cuirfimid meabhrúchán amach dóibh siúd go léir go raibh vóta speisialta nó poist acu an bhliain roimhe sin ag moladh dóibh cur isteach ath-uair má bhíonn an sort vóta speisialta seo uathu don bhliain reatha.

Déanfaimid na h-iarratais uilig a phróiseáil a chuireadh isteach roimh an 25ú Samhain.

Cuirfear scéala chuig lucht na n-iarratas déanach nach ndéanfar próiseáil ar a n-iarratais ach go gcoimeádfar iad sna comhaid dá bhfoilsítí aguisín le linn beatha an chláir sin.

Cuirfear scéala chuig na toghthóirí go léir i scríbhinn a chuir isteach iarratas in a iomláine agus bailí.

Má dhiúltaítear do iarratas, cuirfimid scéala chugat i scríbhinn ag míniú an chúis gur diúltaíodh é agus, chomh maith,

chun moltaí a thabhairt duit faoin bpróiseas achomhairc.

An Clár Beo

Foilseoimid Clár na dToghthóirí ar 1ú Feabhra gach bliain agus fógróimid go bhfuil an clár curtha in airde ar thaispeáint go poiblí

Forlíonadh

Má bhíonn toghchán/reifreann ann i rith na bliana, foilseoimid forlíonadh.

Má chuireann tú iarratas bailí isteach roimh an dáta deireanach roimh an 14ú lá roimh lá an toghcháin (gach Domhnach, gach saoire poiblí agus an Aoine an Chéasta, gan a bheith san áireamh) cuirfimid scéala chugat go bhfuil glactha le do iarratas.

Má chuireann tú isteach iarratas mí-bhailí nach bhfuil iomlán nó déanach cuirfear scéala chugat agus inseofar duit cén fáth nár glacadh le do iarratas. Inseofar duit freisin faoin bpróiseas achomhairc.

Foilseoimid, freisin, liosta forlíonadh des na vótálaithe speisialta agus poist. Cuirfear scéal chuig na hiarrthóirí gur glacadh leo. Cuirfear scéala chuig na hiarrthóirí a diúltaíodh freisin. Tabharfar an chúis gur diúltaíodh an t-iarratas agus tabharfar moltaí dos na hiarrthóirí faoin bpróiseas achomhairc.

Cártaí Vótála

Eiseoimid cártaí vótála dóibh siúd go léir atá i dteideal iad a fháil.

Deontais don Ard Oideachas

Is féidir an t-eolas go léir i dtaobh Scéim na n-Deontas Ard Oideachais (do scoláirí atá ag tabhairt faoi chúrsa ar aon leibhéal le Céim in Ollscoil nó in Institiúid Teicneolaíochta) a fháil on Roinn Tacaíocht Corparáide atá lonnaithe ins na hOifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan agus is

féidir dul i dteagmháil leo trí dhiail díreach ag 067 44553 nó 067 idir na huaireanta 9.30 am – 4.30 pm.

Iarratais nua

Aoinne gur mhian leis cur isteach ar Dheontas Ard Oideachais ba cheart dó dul i dteagmháil linn trí ghlaoch orainn, scríobh nó glao ghutháin chuig an seoladh thuas luaite go déanach i Meitheamh/go luath in Iúil. Foilseoimid an Scéim ins na nuachtáin áitiúla ag an am seo.

Cuirfimid foirm iarratais, cóip den scéim agus nótaí treoracha chuig gach uile iarrthóir. Beidh an dáta deireanach a ghlacfar le foirmeacha iarratais iomláine marcáilte go soiléir ar gach uile iarratas. Déanfaimid ár ndícheall gach iarratas a scrúdú chomh luath agus is féidir agus i gcás go bhfuil eolas breise nó doiciméadú riachtanach; Beidh na hiarrthóirí curtha ar a n-eolas faoi go luath.

Athnuachan Deontas

Scríobhfaimid chuig na daoine go bhfuil deontais acu cheana go déanach i mí Iúil ag iarraidh orthu a n-ioncam agus a stádas neamhspleách a dheimhniú. Chomh luath agus a fhaighimid an t-eolas seo déanfaimid tairiscint sealadach faoi athnuachan na ndeontas agus in éineacht leis beidh iallach orthu a dheimhniú go bhfuil glactha leo i gcoláiste.

Cuirfimid scéala chuig na mic-léinn chomh luath agus a thugtar ar chinneadh tar éis don eolas go léir is gá agus an doiciméadú curtha chugainn.

Íocaíocht na Chéad Tráthchoda den Deontas

Íocfaimid an chéad tráthchuid den Deontas f/ch Chisteoir an Choláiste gan a bheith níos déanaí ná an dara seachtain de

Dheireadh Fómhair. I gcás na n-iarrthóirí eile déanfar íocaíocht leo laistigh de 3 sheachtain ón am go bhfaighimid na doiciméid/ eolas go léir.

Íocaíocht an dara tráthchoda den Deontas

Íocfaimid an dara tráthchuid den Deontas Ard Oideachais chuig an iarrthóir f/ch Chisteoir an Choláiste ins an chéad sheachtain de Eanáir.

Íocaíocht an tríú tráthchuid den Deontas

Íocaimid an tríú tráthchuid den Deontas Ard Oideachais go luath in Aibreán.

Deontas Cothabhála Ráta Speisialta

Íocaimid íocaíocht Chothabhála Ráta Speisialta chuig iarrthóirí atá ag fáil Leasa Shóisialta le linn na ndosaen míosa roimhe sin agus i gcás go bhfuil a n-ioncam níos ísle ná an méid atá leagtha amach i Scéim an DAO. Déanaimid measúnú le haghaidh an ráta seo de réir mar a bhíonn a n-iarratas a mheas.

Éilimh Fhiachais Phoiblí

Is iad na línte díreacha teagmhála ná 067 44521 agus 44555.

Nuair a fhaighimid éileamh, eiseoimid admháil laistigh de chúig lá oibre ag deimhniú an dáta go bhfuaireamar é agus an uimhir thagartha a ghabhann leis. Tharlódh go n-athródh an t-am a chaithfear leis na héilimh éagsúla ar brath ar an leibhéal deacrachta i gceist. Inseoimid duit chomh luath agus is féidir faoin gcinneadh ar do éileamh.

Seirbhísí Acmhainní Daonna

Eolas Ginearálta

Tá ár Roinn Acmhainní Dhaonna lonnaithe ins na hOifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan. Is iad ár línte díreacha teagmhála ná (067) 44635, (067) 44545, (067) 44546, (067) 44617 agus (067) 44557.

Earcaíocht Foirne

Chomh luath agus atá faomhadh faighte chun folúntais a líonadh agus mura mbíonn aon phainéal ann cheana, foilseoimid na folúntais ins na nuachtáin náisiúnta agus áitiúla ar brath ar cén sort poist atá le líonadh. Cuirfimid na foirmeacha iarratais chuí ar fáil agus eiseoimid iad chuig na hiarrthóirí a lorgaíonn iad.

Déanfaimid na hagallaimh a shocrú. Déanfaimid iarracht na hagallaimh a chur ar siúl laistigh de aon mhí tar éis an dáta druidte.

Cuirimid in iúl do gach uile iarrthóir an ionaid a fuair siad ar an bpainéal agus cuirfimid na hiarrthóirí nár éirigh leo, ar a n-eolas, freisin, laistigh de dhá sheachtain ón bpainéal a bheith curtha le chéile. Cuirfimid na marcanna indibhidiúla chuig na h-iarrthóirí má lorgaíonn siad iad.

Pobal & Fiontar

Tá an Rannóg Pobail & Fiontair suite ar an gcéad urlár de na hOifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, an tAonach. Cuireann Pobal & Fiontar na seirbhísí seo a leanas ar fáil:

- Pobal & Fiontar (Bord Forbartha Contae & Feidhmeanna Údaráis Áitiúil) – déan teagmháil le 067 44851/44889/44671
- Seirbhís Ealaíne – déan teagmháil le 067 44860
- Seirbhís Chúram Leanaí – déan teagmháil le 067 44888

Tá gach eolas maidir le scéimeanna/oibríochtaí éagsúla (Deontais/Scéimeanna maidir le Pobal & Fiontar, Ealaíona, Cúram Leanaí etc.), de réir mar a theastaíonn, ar fáil go díreach ón bhfoireann nó trí thagairt a dhéanamh do láithreán gréasáin na Comhairle nó do cháipéisí cuí.

IARRATAIS AR SCÉIMEANNA DEONTAIS.

Tabharfaimid aitheantas go bhfuaireamar d'iarratas laistigh de **5** lá oibre. Má theastaíonn tuilleadh eolais, scríobhfaimid chugat go díreach ag tabhairt breac-chuntas ar na nithe a theastaíonn. Scríobhfaimid chugat arís maidir leis an gcinneadh atá déanta againn ar d'iarratas. Rachaimid i dteagmháil le gníomhaireachtaí cuí eile maidir le hiarratais ar leith, de réir mar is cuí.

Eolaire

Comhairle Thiobraid Árann Thuaidh

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh Aonach Urmhumhan,

Príomh Malartán, 067 4450, ríomh-Phost: secretary@northtippcoco.ie

Oifig na g-Cuntas agus Airgid

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan 067 44530-44537

Oifig na n-Ealaíne,

Oifig Chathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan, 067 44852

Stáisiún Tine Lárnach,

Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan, 067 38400

Fiontar & Pobal

Oifigí Chathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan

Tacaíocht Chorparáide

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan, 06744551, 44555, 44553, agus 44554

Cosaint Sibhialta,

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan 067 44503

Seirbhísí Chomhshaoil,

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan 067 44786 nó 44780

Seirbhísí Tithíochta,

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan,

Seirbhísí Ginearálta 067 44841

Seirbhísí Chaipitil 067 44842

Seirbhísí Acmhainní Dhaonna,

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan 067 44635, 44545 agus 44546

Seirbhísí um Theicneolaíochta Faisnéise,

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan 067 44505 agus 44506

Stórais/Clós Innealra

Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan 067 44773 nó 44774

Seirbhísí Mótar-Chánach,
Sráid Kickham, Aonach Urmhumhan, 067 44701, 44716 agus 44718

Seirbhísí Forbartha agus Pleanála

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan, 067 44652, 44653 agus 44657

Seirbhísí na Rátaí,

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan 067 44525 agus 44526

Seirbhísí Bóthar

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan, 067 44870 nó 44528

Táillí Uisce

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan

067 44527 And 44528

Oifigeach Shábháilteacht Uisce
Roinn an Chomhshaoil, Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan 067 44782

Seirbhísí Uisce

Oifigí Cathartha, Bóthar Luimnigh, Aonach Urmhumhan

067 44828 nó 44830

Bailitheoirí Cánach

Paddy Bourke – 087 6572257

Jim Bergin – 087 4194535

Mary Keogh – 087 2792765

Oifigí Ceantair

Oifig Phort Nua, Príomh Sr., An Port Nua 061 378192

Oifig Bhuiríos Uí Chéin Teach na Cúirte, Buiríos Uí Chéin, 067 27102

Oifig Ros Cré, Bóthar Biorra,

Ros Cré 0504 21153

Oifig Dhurlas Eile, Sráid Rossa, Durlas Eile

0504 -21153

Seirbhísí Leabharlanna

Leabharlann Chraobh Aonach Urmhumhan, Sráid Uí Raithile, Aonach Urmhumhan,

067-34404

Leabharlann Chraobh Ros Cré, Bóthar Biorra, Ros Cré

0504-21555

Leabharlann Chraobh Dhurlas Eile, Ascaill an Chaisleáin, Durlas Eile

0504-21555

Ionad Foinse, Durlas Eile, 0504-29720

0504-29720

Leabharlann Chraobh an Teampaill Mhóir, Halla an Bhaile, An Teampall Mór

0504 32555

Leabharlann Chraobh Bhuiríos Uí Chéin, An Phríomh Shráid, Buiríos Uí Chéin

067- 27199

Leabharlann Chraobh Chloch Shiúrdáin, An Phríomh Shráid, Cloch Shiúrdáin

0505-42425

Comhairlí na mBailte Móra

Comhairle Bhaile Dhurlas Eile,
Bóthar Shliabh na mBan,
Durlas Eile 0504 21433

0504 21433

Comhairle Bhaile Aonach
Urmhumhan, Oifigí Cathartha,
Bóthar Luimnigh, Aonach
Urmhumhan

067 31241 agus 44620

Comhairle Bhaile an Teampaill
Mhóir, Hall an Bhaile, An
Teampall Mór

0504 31496